

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

<b>Ainm na scoile / School name</b>	Coláiste Ghobnait
<b>Seoladh na scoile / School address</b>	Inis Oirr Oileáin Árann Contae na Gaillimhe
<b>Uimhir rolla / Roll number</b>	71370K

**Dáta na Meastóireachta: 09-10-2019**



---

An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

## **Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?**

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

## **Conas an tuairisc seo a léamh**

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

## **COSAINT LEANAÍ**

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeánt go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
4. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
5. Ar na taifid de na trí chruinniú bainistíochta is déanaí tá taifead de thuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
6. Tá sé cinntithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le heolas a chur ar fáil do phearsana uile na scoile ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG, Folláine).
8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit slán, daingean.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

## MEASTÓIREACTH SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACTH AGUS FOGHLAIM

<b>Dáta na cigireachta</b>	09-10-2019
<b>Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh:</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Cruinniú leis an mbord bainistíochta</li><li>• Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach</li><li>• Cruinnithe le príomhbhaill foirne</li><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Agallamh le fócasghrúpa scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Cruinniú le tuismitheoirí</li><li>• Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí</li><li>• Breathnú ar theagasc agus foghlaim</li><li>• Scrúdú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí</li></ul>

### Comhthéacs na scoile

Is iar-bhunscoil chomhoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge é Coláiste Ghobnait. Bunaíodh an scoil i 1985 mar gheall ar éileamh ón bpobal agus tháinig sí faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oilíúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ag tús na nóchaidí. Tá 24 scoláire rollaithe i mbliana agus is de bhunadh an oileáin 42% de na scoláirí sin agus is í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh ag a bhformhór. Tagann scoláirí eile na scoile ón mórthír mar chuid de Scéim na bhFoghlaim Gaeilge (SFG) atá ar bun sa scoil ó 2003. Cé gur fhreastail formhór scoláirí SFG ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge, tá scoláirí sa scoil ó bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Tá an scoil páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) ó 2017. Soláthraíonn an scoil na cláir seo a leanas: an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain; ar bhonn roghnach, agus an Ardeistiméireacht.

Tá an scoil ag feidhmiú in dhá ionad faoi láthair. Is sa phríomhfhoirgneamh atá oifig na scoile, na leithris, an seomra Eachnamaíocht Bhaile agus na seomraí ranga ginearálta eile. Tá an saotharlann eolaíochta agus an seomra adhmaadóireachta lonnaithe gar do phríomhfhoirgneamh na scoile i seomraí réamhdhéanta. Tógadh an dá sheomra seo i lár na n-ochtóidí ar thailte an chomharchumainn áitiúil.

### Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

#### Cinntí

- Leagann fíis threorach na scoile amach ionchais arda don scoil mar phobal foghlama agus forbartha a thugann tús áite do chaomhnú na Gaeilge mar theanga an phobail agus ina bhfuil nósanna imeachta éifeachtacha cumarsáide cothaithe idir na geallsealbhóirí difriúla.
- Tá bainistíocht agus ceannaireacht na scoile ar cháilíocht an-mhaith, agus tá forbairtí leanúnacha bainte amach ag an fhoireann bhainistíochta sinsearaí (FBS) thar réimse gnéithe de shaol na scoile le tamall de bhlianta ar bhealach straitéiseach; caithear roinnt cúraim cheannaireachta a tharmligean don fhoireann chun inmharthanacht na scoile sa todhchaí a chinntiú.
- Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc agus na foghlama go maith; bhí an cleachtas go han-mhaith nó go maith i mórán gach ceachta agus bhí an cleachtas lag nó sásúil i gcás an bheagáin.
- Tríd is tríd, tá dul chun cinn maith déanta i bhforfeidhmiú na moltaí a rinneadh sna tuairiscí cigireachta a eisíodh chuig an scoil go data; is réimse chun feabhais fós roinnt do na pleananna ábhair, cleachtas na múinteoirí i leith na difreála agus aiseolas foirmitheach a sholáthar ar obair scríofa na scoláirí.

- Bhain cáilíocht mhaith leis na pleananna féinmheastóireachta scoile (FMS) agus SASG ach tá gá an dá phróiseas a chomtháthú.
- Tá acmhainn agus tiomantas chun feabhais an-mhaith i measc na mball foirne.

## **Moltaí**

- Is den riachtanas é múnla na ceannaireachta dáilte a fhorbairt maidir le cur chun cinn an teagaisc agus na foghlama, comhtháthú na dtacaíochtaí do scoláirí, chomh maith le comhordú na FMS agus na SASG go háirithe chun todhchaí na scoile mar phobal foghlama le hionchais arda a chinntiú.
- Moltar deiseanna foirmiúla a sholáthar chun an saineolas oideolaíoch atá ann i measc na múinteoirí a roinnt.
- B'fhiú go mór cleachtas comhoibríoch agus comhchoiteann na múinteoirí a fhorbairt tuilleadh ó thaobh na pleanála ábhair de, cleachtas na difreála agus cuir chuige i leith soláthar aiseolais chun foghlama ar obair na scoláirí.
- Moltar bealaí a aimsiú chun guth na scoláirí a threisiú i gcúrsaí teagaisc agus foghlama agus i bhfeidhmniú na scoile.
- Is gá na pleananna FMS agus SASG a chomhtháthú in aon phlean feabhsúcháin scoile (PFS) amháin agus eolas bonnlíne a bhailiú sna réimsí fócais ar fad chun spriocanna forbartha fiúntacha agus intomhaiste a leagadh amach.

## **MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ**

### **1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE**

#### **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**

Ar an iomlán, bhí cáilíocht na bainistíochta agus ceannaireachta ar an bhfoghlaim agus teagasc go han-mhaith.

Léiríonn an bord bainistíochta dílseacht don scoil. Tá réimse saineolais mhaith acu maraon le naisc thábhachtacha leis an oileán. Déanann an bord monatóireacht mhaith ar chúrsaí teagaisc trí thuairisc chuimsitheach an phríomhoide ar theagasc agus foghlaim ag gach cruinniú boird, trí phlé ar thorthaí an dá scrúdú stáit, trí scagadh a dhéanamh ar thuairiscí cigireachta agus bhí ról gníomhach ag an mbord i bhforbairt na bpleananna FMS agus SASG.

Tá cáilíocht na ceannaireachta ag leibhéal na FBS go han-mhaith. Oibríonn an bhainistíocht shinsearach ar bhealach fíor-éifeachtach agus tá siad tiomanta d'fhorbairt leanúnach na scoile agus cuirtear é seo i gcrích ar bhealach córasach. Coiméadtar an pobal scoile ar an eolas faoi fhobairtí oideachasúla agus tá ionchais arda leagtha amach acu don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú. Tá cultúr gairmiúil forbartha sa scoil a chuireann proifisúntacht na gairme chun tosaigh agus tugann múinteoirí tacaíocht mhaith don FBS. Léirigh ceistneoirí na múinteoirí dearcadh an-dearfach i leith na scoile.

Tá riail na Gaeilge chun tosaigh in imeachtaí uile na scoile. Tá ionchais arda ag an mbainistíocht shinsearach maidir le hiompar teanga na scoláirí ar láithreán na scoile. Bhí fianaise láidir ann go bhfuil an riail sin á cur i bhfeidhm go héifeachtach.

I gcomhthéacs mhéid na scoile, bhain cáilíocht an-mhaith leis an soláthar curaclaim agus déantar iarrachtaí leanúnacha an curaclaim a fheabhsú. Tá an clár um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) á chur ar fáil de réir rialacha na Roinne. Tá polasaí oideachais chaidrimh agus gnéasachta (OCG) forbartha agus clár OCG á sholáthar mar is cuí sa tsraith shinsearach.

Bhí cáilíocht fhoriomlán na dtacaíochtaí do na scoláirí go maith. Tugtar tacaíocht an-mhaith d'fholláine agus do chúram na scoláirí agus tá córais éifeachtacha in-scoile forbartha. Ní raibh dóthain sóiléireachta afách ag baint leis an ról atá luaite leis na múinteoirí bliana ó thaobh cúraim de. Bheadh sé tairbheach an ról seo a thabhairt os comhair chruinniú foirne le saineú. Moltar freisin, coiste cúraim a bhunú de réir *Foirne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna (SNSO 2014)* agus cruinniú a thionól go rialta.

Tá próiseas aistrithe ón bhunscoileanna nó ó iar-bhunscoileanna ar an mórhír éifeachtach i bhfeidhm. Moltar tógaint ar an dea-obair seo agus clár comhordaithe don sealbhú teanga a fhorbairt do na scoláirí a thagann chun na scoile agus iad ar bheagán Gaeilge. Ba cheart freisin tacaíochtaí teanga a chur san áireamh sa scéim mheantóireachta atá sa scoil cheana féin agus oiliúint a chur ar scoláirí atá inniúil sa teanga chun cabhrú leis na scoláirí atá tosaithe ar thuras lánthumtha inti.

Bhain cáilíocht sásúil leis an soláthar Treorach. Tá polasaí treorach maith forbartha ag an treoirchomhairleoir i gcomhairle leis an bFBS ach níor léir go raibh an cleachtas sa scoil ag teacht go homlán leis an bpolasaí. Bhí, mar shampla, easpa soiléireachta ag baint leis an trasnú idir an tseirbhís Treorach agus an soláthar do riachtanais speisialta oideachais (RSO), idir Treoir agus OSPS, agus ní raibh nósanna imeachta faoi sholáthar na n-uaireanta treoirchomhairleachta pearsanta sách soiléir. Moltar ról an treoirchomhairleora i bhforfhedhmiú an pholasaí Treorach a shainiú sa pholasaí chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt don phobal scoile faoin tseirbhís Treorach.

Bhí mionlach suntasach de na scoláirí i dteideal tacaíochtaí breise RSO agus bhain cáilíocht mhaith leis an soláthar sin. Bhí polasaí maith forbartha bunaithe ar phrionsabail an chontanaim tacaíochta. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar do RSO agus tacaíochtaí comhtháite a dhíriú ar riachtanais bhreise aitheanta na scoláirí chomh maith le cabhair i n-ábhair ar leith. Bheadh sé tairbheach comhordaitheoir RSO a cheapadh agus an ról a fhorbairt chun na tacaíochtaí sna ranganna príomhshrutha a bhainistiú agus na múnlaí tacaíochta lena n-áirítear buíontegaisc a athbhreithniú agus a leasú mar is gá.

### **An eagraíocht a bhainistiú**

Bhí cáilíocht an rialachais ar an scoil go han-mhaith. Déantar riachtanais reachtúla agus polasaithe uile a shásamh ar bhealach córasach tráthúil. Bhí an próiseas d'fhorbairt pholasaithe inchuimsitheach agus bhí prionsabail an chóir na cothroime le léamh go soiléir orthu. Moltar an grúpa oibre ón bhfoireann a bhí ann chun polasaithe a athbhreithniú a athbhunú chun tacú le coinneáil chun dáta na bpolasaithe go léir.

Déantar acmhainní daonna a bhainistiú go seiftiúil d'fhonn na ndeiseanna foghlama is fearr agus is leithne a sholáthar do na scoláirí. Tá an-ord agus eagar ar an scoil agus déantar gach rud go críochnúil. Bíonn an FBS so-fheicthe timpeall na scoile agus aontaíonn na múinteoirí agus na tuismitheoirí go ritear an scoil go maith. Cruthaíonn FBS, i gcomhar leis an bhfoireann, timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sábhailte agus tá príomh-fhoirgneamh na scoile coinnithe go caihdeán an-ard. Tá dúshlán go leor ag baint leis na seomraí réamhdhéanta agus moltar plean gníomhaíochta d'infreastrúchtúr na scoile a chinntiú i gcomhar leis an mBOOGR agus leis an gcomharchumann áitiúil.

Déantar soláthar agus cothabháil mhaith ar áiseanna agus ar threalamh teagaisc agus foghlama agus déantar athnuachan orthu siúd i mórán gach ábhar ar bhonn rialta. Tá dréacht-straitéis ditigeach maith ullmhaithe a chuirfidh le teagasc agus foghlaim ar bhonn forchéimnithe.

### **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**

Leagann fíis threorach na scoile amach spriocanna arda don scoil mar phobal foghlama agus forbartha. Cuireann an príomhoide an fhíis in iúl ar bhonn rialta do na páirithe leasmhara agus tugann sí dea-shampla ina leith. Féachann an príomhoide chuige go bhfuil an smaointeoireacht chórasach seo leabaithe i gcleachtais laethúla na scoile.

Déanann an FBS bainistiú ar an athrú ar bhealach atá comhoibríoch, solúbtha agus íogair ag baint feidhme as próiseas sé chéim na FMS ar bhealach struchtúrtha. Is faoi stiúir na FBS a fheidhmíonn clár mheantóireachta na scoile agus tionóltar cruinnithe le múinteoirí atá faoi oiliúint agus múinteoirí nuacheaptha chun cúrsaí teagaisc agus foghlama trí mhéan na Gaeilge a phlé. Cuireadh lámhleabhar an mhúinteora le chéile mar threoir d'éagrú chruinnithe pleanála ábhair, chun cleachtais mhachnamacha na múinteoirí a spreagadh agus chun na rannóga ábhair a ghríosadh chun plean gníomhaíochta a fhorbairt go rialta. Bhí toradh foriomlán an lámhleabhair le léamh sna pleananna ábhair ab fhearr.

Bhí réimse bealaí maithe forbartha chun cumarsáid a eascú idir comhpháirtithe na scoile agus tá sé inmholta go raibh sé de nós athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu seo chun cáilíocht na cumarsáide a fheabhsú tuilleadh. Bhí dea-theist le léamh sna ceistneoirí ar fad ar cháilíocht na cumarsáide i measc an phobail scoile. Moltar don bhord ráiteas comhaontaithe níos iomláine a chur ar fáil do na múinteoirí. Moltar leis, deis a sholáthar do choiste na scoláirí tuairisciú don bhord ar obair an chosite ag amanna ábhartha i gcaitheamh na scoilbhliana.

Tá coiste tuismitheoirí láidir agus tiomanta bunaithe a chuireann tacaíocht luachmhar ar fáil don scoil. Léirigh an coiste agus torthaí na gceistneoirí go raibh tuismitheoirí thar a bheith sásta ar an iomlán le caighdeán an oideachais agus an chúraim sa scoil.

### **Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt**

Oibríonn an FBS go héifeachtach chun an fhoireann agus na scoláirí a chumasú chun ról cheannaireachta a ghlacadh. Tá an FBS tiomanta a n-acmhainn cheannaireachta féin a fhorbairt. Is léir an fhoghlaim a dhéantar ag forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ina gcuid cleachtais agus sna córais scoile dea-eagraithe atá forbartha acu. Cuirtear clár comhordaithe FGL le chéile mar gnáth-nós, bunaithe ar anailís ar riachtanais na foirne agus ar riachtanais chun déileáil le hathruithe sa timpeallacht oideachasúil. Tacaíonn an FBS le freastal an fhoireann teagaisc ar chúrsaí FGL seachtracha agus lena rannpháirtíocht i líonraí gairmiúla. Moltar cuir chuige foirmiúla FGL in-tí a fhorbairt chun saineolas oideolaíoch na foirne féin a phlé agus roinnt.

Cuireann na ról cheannaireachta thábhachtacha atá glactha ag baill foirne orthu féin le feidhmiú na scoile. É sin ráite, tá an iomarca freagrachtaí á nglacadh orthu féin fós ag an bFBS. Tá scóip ann chun tuilleadh freagrachtaí a dháileadh ar an bhfoireann. Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais reatha agus forbartha na scoile anuraidh de réir na hImlitreach 0003/2018, tráth a raibh dhá phost fógartha. Níor chuir aon mhúinteoir isteach ar na poist agus dá bharr níl aon struchtúr bainistíochta ionscoile foirmiúil ann. Moltar go láidir an t-athbhreithniú seo a dhéanamh arís chun comhpháirtíocht leis an bFBS a chothú i measc na múinteoirí mar cheannairí scoile. Ba cheart cur chun cinn an teagaisc agus na foghlama, comhtháthú na dtacaíochtaí do scoláirí chomh maith le comhordú na FMS/SASG a bheith san áireamh sna freagrachtaí atá le dáileadh ar an bhfoireann. Moltar grúpaí oibre a bhunú le ceannas a ghlacadh ar fhorbairtí sna príomhréimsí seo. Cabróidh sé seo saineolas agus sainspéis na múinteoirí ar fad a fhorbairt agus a n-acmhainn cheannaireachta a chur chun cinn.

Léiríonn na múinteoirí an-dílseacht agus an-tiomantas don scoil agus do na scoláirí tríd an réimse maith imeachtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim a chuirtear ar fáil. Tacaíonn na himeachtaí le héispéiseas oideachasúil iomlánaíoch na scoláirí agus le neartú an ghaoil an-mhaith atá idir iad agus múinteoirí.

Bhí na scoláirí lenar chas na cigirí le linn na meastóireachta dea-bhéasach, oscailte agus measúil. Déanann an scoil cinnte de go nglacann na scoláirí ról gníomhach rannpháirteach i saol na scoile agus tugtar deiseanna go leor dóibh le ceannaireacht a fhorbairt a chuimsíonn coiste na scoláirí, an coiste Brat Glas, clubanna ag am Ióin, Eolaí Óg agus an scéim mheantóireachta 'Anam Cara'. Sa bhreis air sin, bhí na scoláirí páirteach i bhforbairt pholasaithe ábhartha agus dáileadh ceistneoirí orthu mar chuid den phróiseas FMS agus SASG. Cé gur tuairiscíodh san fhócsghrúpa scoláirí agus gur léirigh freagairt ar cheistneoirí na scoláirí go dtugtar éisteacht dóibh ar bhealaí go leor, mothaíonn siad nach bhfuil tionchar á n-imirt acu ar chúrsaí scoile. Moltar don bhainistíocht an scéal seo a iniúchadh leis na scoláirí, ar bhonn cáilíochtúil, chun glór na scoláirí a láidriú i bhforbairtí scoile laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

## **2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA**

Bhí eispéireas na scoláirí ar an teagasc, foghlaim agus ar an measúnú trí Ghaeilge amháin i ngach ábhar agus tríd is tríd bhí cáilíocht an tsoláthair sna trí réimse go maith.

### **Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoirí**

Bhí cáilíocht fhoriomlán na foghlama go maith agus roinnt eiseamláirí d'fhoghlaim fíormhaith i gcás níos lú ná leath de na ceachtanna agus bhí scóip shuntasach chun feabhais i gcáilíocht na foghlama i gcás an bheagáin eile.

Tríd is tríd, bhí atmaisféar na foghlama sna ceachtanna an-dearfach agus bhí idirghníomhaíocht na scoláirí leis na múinteoirí beo bríomhar. Bhí na scoláirí spreagtha chun foghlama agus bhí fonn orthu páirt a ghlacadh sa phlé leis an múinteoir agus lena gcomhscoláirí i bhformhór na gceachtanna.

I mionlach na gceachtanna, níor baineadh dóthain úsáide as intinní foghlama ábhar-bhunaithe a bhí soiléir agus dírithe ar an bhfoghlaim. Ba bheag airde in aon chur a tugadh ar intinní foghlama teanga-bhunaithe agus bhí cleachtas na difreála go mór in easnamh. Chabhródh cothromaíocht níos fearr idir guth an mhúinteora agus gníomhaíocht an scoláire le deiseanna a sholáthar do na scoláirí chun dul i ngleic le hábhar agus teanga an ábhair ar bhealach níos fiúntaí agus níos tairbhí ó thaobh na foghlama de.

Bhí timpeallacht phrionta agus iomhá shaibhir, spreagúil agus ábhartha mar thaca don fhoghlaim agus d'fholláine na scoláirí cruthaithe i bhformhór na seomraí ranga agus ar na ballaí ar fud na scoile.

### **Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí**

Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisic go maith; bhí an cleachtas go han-mhaith nó go maith i mórán gach ceachta agus bhí an cleachtas lag nó sásúil i gcás an bheagáin. Bhí an phleanáil ghearrthéarmach d'fhormhór na gceachtanna go maith. Ag teacht leis an straitéis FMS ag leibhéal na scoile uile, roinneadh intinní foghlama ábhar-bhunaithe leis na scoláirí ag tús fhorhómhór na gceachtanna. Bhí fianaise ar an gcleachtas ab fhéarr sna ceachtanna sin inar chomhchruthaigh an múinteoir na critéir ratha leis na scoláirí ag éirí as na hintinní foghlama agus nuair a úsáideadh na critéir chun dul chun cinn san fhoghlaim a mheas ag pointí ábhartha i gcaitheamh na gceachtanna. Moltar intinní foghlama teanga-bhunaithe a cheapadh do na ceachtanna chomh maith chun cabhrú le rochtain na scoláirí ar shainteanga an ábhair. I líon beag de na ceachtanna, baineadh úsáid mhaith as staitéisí chun dul siar leis na scoláirí ar an méid a bhí foghlamtha. B'fhiú straitéisí dá mhacasamhail a bheith in úsáid sna

ranganna ar fad chun dul chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim a mheas ó thaobh ábhair agus teanga de.

Sna ceachtanna ba bhisiúla, baineadh úsáid mhaith as straitéisí tobsmaointeoireachta chun réamheolas na scoláirí a mheas agus a threisiú. Moltar meabhairmhapáil a dhéanamh mar thaca leis an gcuid seo de na ceachtanna. Mar thoradh ar an réamh-mhachnamh a bhí déanta ag na múinteoirí seo cruthaíodh deiseanna luachmhara do rannpháirtíocht na scoláirí sa phróiseas foghlama. Bhí na scoláirí gafa san fhoghlaim, ag comhoibriú lena chéile agus ag baint taithnímh as a n-eispéireas foghlama. I mionlach ceachtanna, ní raibh na spriocanna a bhí leagtha amach don fhoghlaim sách soiléir, ní raibh naisc leis an bhfoghlaim a tharla cheana ná le taithí na scoláirí agus bhí cleachtas na difreála go mór in easnamh; ó thaobh ábhair agus teanga de. Mar shampla, ní raibh dóthain tacaí ar fáil i gcónaí do scoláirí agus iad i mbun gníomhaíochtaí ranga nó tascanna scríofa. Go minic ní raibh scoláirí ró-chinntea faoi threoracha an mhúinteora maidir le tasc ranga nó obair bhaile, ní raibh luas bríomhar leis an obair ranga agus ba bheag dul chun cinn a d'éirigh leis na scoláirí a dhéanamh ó thaobh tuisceana, eolais nó forbairt scile ná teanga de.

Léiríodh tacaíocht d'fhoghlaim scoláirí sa raon maith de straitéisí ceistiúcháin a bhí mar chuid de chleachtas chomhchoiteanna fhormhór na múinteoirí. Bhí fianaise den chleachtas ab éifeachtaí trí mheascán maith de cheistiúchán ardoird agus ísealoird, trí ghluaiseacht an mhúinteora le linn obair ghrúpa agus tugadh dótháin ama do scoláirí machnamh a dhéanamh ar cheistenna roimh sular éilíodh orthu freagraí a thabhairt. Chinntigh na straitéisí seo go raibh na scoláirí á misniú mar ghnáthnós chun a bheith rannpháiteach sna ceachtanna, go raibh a leibhéil tuisceana á meas ó thús deireadh na gceachtanna agus go raibh difreáil sa phróiseas foghlama.

Ba léir cleachtais éifeachtacha don mheasúnú a bheith in úsáid ag tromlach na múinteoirí. Téann na scoláirí faoi scrúduithe tí gach deich seachtaine le linn na scoilbhliana. Tá leathanach maith forbartha chun machnamh na scoláirí ar thorthaí na scrúduithe seo a éascú agus chun forbairtí sa teagasc agus san fhoghlaim a threorú. Tá sé le moladh go bhfuil an leathanach machnamhach in úsáid trasna na n-ábhar agus déanann na múinteoirí monatóireacht ar mhachnamh na scoláirí tríd an leathanach a shíniú. Ar mhaithe le scileanna féin-mhachnamhacha na scoláirí a fhorbairt tuilleadh, moltar do na múinteoirí aiseolas a thabhairt dóibh ar cháilíocht a gcuid breathnóireachtaí féin-mhachnamhacha. I measc na gcleachtas eile don mheasúnú a bhí le moladh bhí na deiseanna a cruthaíodh i rith roinnt ceachtanna chun na scoláirí a chumasú mar mheasúnóirí ar cháilíocht a guid oibre féin chomh maith le hobair a gcomhscoláirí. Léirigh na scoláirí acmhainn mhaith féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe agus moltar go dtabharfaí deiseanna go minic dóibh chun a scileanna measúnuithe a chleachtadh sna hábhair ar fad. Tugtar obair bhaile go minic agus déantar monatóireacht rialta uirthi. Bhain cáilíocht an-mhaith leis an aiseolas foirmitheach a bhí á sholáthar ar obair na scoláirí sna ceachtanna. Is den riachtanas é an dea-chleachtas seo a leathnú i gcleachtas na foirne ar fad.

Bhain cáilíocht mhaith leis an sampla de phleananna curaclaim a hathbhreithníodh. Bhí teimpléad comónta in úsáid i bhformhór na n-ábhar ar bhain cáilíocht mhaith leis. B'fhiú an phleanáil do na measúnaithe rang-bhunaithe a bhreacadh sna pleananna freisin. I gcásanna áirithe, bhí na scéimeanna oibre i bhfad ró-ghinearálta agus dírithe ar na hábair a bhí le clúdach. Ní mór tuilleadh bealaí a aimsiú chun an scothchleachtas a bhí sna pleananna ab fhéarr a úsáid ar bhonn níos forleithne. Ba cheart miontuairiscí ar chruinnithe rannóga ábhair a choinneáil sa phlean ábhair mar thaifead ar ábhair a phléitear agus cinntí a ghlactar.

Go bliantúil, déantar anailís ar thorthaí scrúduithe i gcás na hArdteistiméireachta go príomha. B'annamh a bhí aon ghníomhphleanáil mar thoradh ar an anailís seo. Moltar do gach rannóg spriocanna feabhsúcháin a aontú agus anailís chriticiúil ar thorthaí scrúduithe suimitheacha eile chomh maith leis an Ardteistiméireacht a bheith mar bhonn eolais do phlean forbartha gach do rannóg ábhair.



### **3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE**

#### **Ceannaireacht agus Bainistíocht**

Ceithre cinn de thuiriscí ar chigireachtaí ábhair sa scoil atá foilsithe, mar atá Gaeilge, Eachnamaíocht Bhaile, Eolaíocht agus Matamatic. Tá an bhainistíocht shinsearach tar éis dul i ngleic leis na moltaí agus tá dul chun cinn maith déanta lena gcur i bhfeidhm.

#### **Teagasc agus Foghlaim**

Tá dul chun cinn maith le sonrú i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh i leith an teagaisc agus na foghlama. Luadh freisin sna tuairiscí cigireachta ar fad a eisíodh chuig an scoil go mba chóir na pleananna ábhair a fhorbairt tuilleadh agus cé go moltar an obair a rinneadh orthu go dáta tá scóip chun forbartha ann go fóill sa réimse seo.

### **4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE**

#### **Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile**

Tá dul chun cinn maith déanta an scoil maidir leis an bpróiseas FMS ó 2015 agus tugann an próiseas seo creat struchtúrtha d'fhorbairt leanúnach na scoile. Tá an scoil ag gabháil don phleanáil teanga mar chuid de SASG ón 2017 agus tá PFS trí bliaina á chur i bhfeidhm. Moltar an dá PFS a chomhtháthú mar aon PFS amháin. Ní mór eolas bonnlíne a bhailiú do gach réimse feabhsúcháin agus spriocanna sainiúla intomhaiste a leagadh amach do gach sainsprioc. Mar shampla, ní mór eolas bonnlíne faoi chumas labhartha agus scríofa na scoláirí sa Ghaeilge a bhailiú agus spriocanna chun feabhais ag trí leibhéal a aontú; do gach duine, do chuid de na scoláirí agus don bheagán.

#### **Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán**

Ba léir le linn na meastóireachta acmhainn feabhsúcháin an-mhaith a bheith ag Coláiste Ghobnait.

**Aguisín**

**Freagra na Scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta**

## **Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Fáiltíonn Board Bainistíochta Choláiste Ghobnait roimh an tuairisc dhearfach seo. Aithnítear sa tuairisc an sár obair atá á dhéanamh ó thaobh teagaisc agus foghlama sa scoil. Tugtar aitheantas don chaidreamh an-mhaith atá idir múinteoirí agus scoláirí.

Tá an bord brodúil as na príomhchinntí dearfacha a léiríodh sa tuairisc.

- 'Tá cáilíocht na ceannaireachta ag leibhéal na FBS go han-mhaith'.
- 'Tá coiste tuismitheoirí láidir agus tiomanta bunaithe a chuireann tacaíocht luachmhar ar fáil don scoil'.
- 'Tugtar tacaíocht an-mhaith d'fholláine agus do chúram na scoláirí agus tá córais éifeachtacha in-scoile forbartha'.
- 'bhí atmaisféar na foghlama sna ceachtanna an-dearfach agus bhí idirghníomhaíocht na scoláirí leis na múinteoirí beo bríomhar. Bhí na scoláirí spreagtha chun foghlama...'
- 'Bhí timpeallacht phrionta agus iomhá shaibhir, spreagúil agus ábhartha mar thaca don fhoghlaim agus d'fholláine na scoláirí...'
- 'Bhí na scoláirí gafa san fhoghlaim, ag comhoibriú lena chéile agus ag baint taithnimh as a n-eispéireas foghlama'.

## **Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigreachta chun tátail agus moltaí na cigreachta a chur i bhfeidhm**

Glacann an Bord leis na moltaí chun feabhais a déanamh agus tá an Bord, Bainistíochta agus foireann na scoile lán tiománta na moltaí seo a chur i gcrích. Tá tús curtha ag Coláiste Ghobnait le roinnt de na moltaí:

Tá na coistí seo a leanas bunaithe ó Éanáir 2020:

- Coiste Teagaisc agus Foghlama
- Coiste Tréadchuraim

Tá freagrachtaí a bhaineann le comhordaitheoir na hIdirbhliana, comhordaitheoir Riachtanais Speisialta agus an FMS agus SASG dáilte amach ar an bhfoireann ó Eanáir 2020.

Cabhróidh sé seo go mór leis an bhfoireann a saineolas agus a sainspéis ar fad a fhorbairt agus a n-acmhainn ceannaireachta a chur chun cinn.

Tá tús curtha ó Eanáir 2020 leis na pleannanna FMS agus SASG a chomhtháthú in aon phlean feabhsúcháin scoile (PFS) amháin agus beidh eolas bonnlíne a bhailiú sna réimsí fócais ar fad chun spriocanna forbartha fiúntacha agus intomhaiste a leagan amach.

Tá ról lárnach agus gníomhach ag glór na scoláirí i saol na scoile ach déanfar chuile iarracht treisiú a dhéanamh ar an nglór seo i bhfeidhmiú na scoile agus i gcúrsaí Teagaisc agus Foghlaim.

## Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Whole School Evaluation**  
**Management, Leadership and Learning**

**REPORT**

<b>Ainm na scoile / School name</b>	Coláiste Ghobnait
<b>Seoladh na scoile / School address</b>	Inis Oirr Oileáin Árann County Galway
<b>Uimhir rolla / Roll number</b>	71370K

**Date of Evaluation: 09-10-2019**



---

An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

This is the English translation of a report originally written in Irish. The original Irish version of the report is provided above.

Is aistriúchán Béarla é seo ar thuirisc a scríobhadh i nGaeilge ar an gcéad dul síos. Tá an bunleagan Gaeilge den tuairisc ar fáil thuas.

### **What is a whole-school evaluation – management, leadership and learning?**

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

### **How to read this report**

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
